poistphoiblí
publicjobs



# Plean Gnó Straitéiseach Corparáideach 2025

# Plean Gnó Straitéiseach Corparáideach 2025

* **Clár na nÁbhar**

**Leathanach 3:** Dúshláin, Rioscaí agus Deiseanna
**Leathanach 5:** Tionchair agus Athruithe Straitéiseacha
**Leathanach 6:** Torthaí Dearfacha, 2025

# Ár bhFís:

Aitheantas a fháil mar ionad bairr feabhais i réimse na hearcaíochta, as a bhfuil muinín ag na daoine ar a bhfreastalaíonn muid

# Ár Misean:

Ár Misean: Daoine éagsúla a earcú don tseirbhís phoiblí a bhfuil an cumas, an dea-cháil, agus an díograis chun soláthar ar son na hÉireann

# Príomhdhúshláin, Rioscaí agus Deiseanna inár Réimse Oibríochta

## Comhthéacs Straitéiseach, 2025

**Barr Feabhais san Earcaíocht a Sholáthar:** Tá an-iomaíocht le brath i réimse na hearcaíochta in Éirinn go fóill, agus tá dúshláin ann fós i dtaca le daoine cumasacha oilte a mhealladh agus a choinneáil i ngach earnáil. Táthar ag súil leis go mbeidh éileamh leanúnach ar ghairmithe oilte i margadh fostaíochta na hÉireann in 2025. Beidh tionchar suntasach ag an gcomhthéacs eacnamaíochta agus geopholaitíochta ar dhinimic na hearcaíochta. Tá eachtraí domhanda tar éis cur go mór leis an éiginnteacht sa gheilleagar domhanda, agus bíonn tionchar acu ar shlabhraí soláthair domhanda, ar mhargaí fuinnimh, agus ar soghluaiseacht tallainne. Chun freastal ar riachtanais ár gcliant, caithfimid freagairt sholúbtha a thabhairt agus réitigh sholúbtha earcaíochta a chur ar fáil chun freastal ar na riachtanais maidir le hacmhainní i seirbhís phoiblí a mbíonn uirthi dul i ngleic le himeachtaí nár tharla riamh cheana níos minice le blianta beaga anuas. Leanfaimid orainn ag iarraidh tagarmharcáil a dhéanamh orainn féin, feabhas a chur ar ár bpróisis, glacfaimid le teicneolaíocht nua agus bainfimid leas as nuálaíocht chun ár spriocanna soláthair seirbhíse a bhaint amach agus chun ullmhúchán a dhéanamh don aistriú chuig ardán earcaíochta nua. Chun na spriocanna soláthair seirbhíse seo a bhaint amach, bainfidh muid leas as ár n-ardán earcaíochta nua chun an deis a thapú athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné dár gcórais earcaíochta reatha chun an leas is fearr a bhaint as ár gcuir chuige straitéiseach i leith na hearcaíochta.

**Barr Feabhais a Chur Chun Cinn:** neartóidh poistphoiblí an dea-chaidreamh éifeachtach oibre atá againn le Ranna Rialtais eile, le Foarais Earnála Poiblí, le hÚdaráis Áitiúla agus le cliaint agus páirtithe leasmhara eile. Leanfaidh poistphoiblí leis ag díriú ar thuiscintí atá bunaithe ar shonraí agus ag cur lenár gcumas taighe agus bainfidh muid an leas is fearr as ár líonraí chun a chinntiú go bhfuil ár bpróisis solúbtha agus go ndeartar iad chun freastal ar riachtanais lucht saothair na todhchaí. Tá sé mar aidhm ag poistphoiblí tiomantas córasach a chinntiú i dtaca le constaicí a bhaint agus cur chuige solúbtha a chur i bhfeidhm i dtaca le iarrthóirí cumasacha agus éagsúla a mhealladh agus a choinneáil i róil seirbhíse poiblí.

**Cothromaíocht, Éagsúlacht agus Cuimsiú:** Tá ról tábhachtach ag CE&I maidir le tallann a mhealladh agus a choinneáil; aithnítear go gcuireann ionaid oibre ionchuimsitheacha le nuálaíocht, le hardfheidhmíocht agus go mbaintear torthaí níos fearr amach iontu. Tuigeann poistphoiblí an chaoi ar féidir linn tacaíocht a thabhairt maidir le Státseirbhís agus Seirbhís Phoiblí a chruthú ar léiriú iad ar na daoine a bhfreastalaíonn muid orthu. Tá poistphoiblí tiomanta córais, polasaithe agus próisis a chur i bhfeidhm chun buíon iarrthóirí a thugann léargas ar dhaonra ina bhfuil éagsúlacht le brath a chinntiú.

**Athchóiriú:** Tugann poistphoiblí tacaíocht ghníomhach do sholáthar leanúnach chlár Athnuachana na Státseirbhíse agus chlár Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí. Tá tábhacht ar leith ag baint le lucht saothair a bhfuil éagsúlacht ann agus atá díograiseach a mhealladh agus a choinneáil maidir leis an gclár athchóirithe a sholáthar.

**Smaointeoireacht atá bunaithe ar an Dearadh:** Leanfaidh poistphoiblí air ag iarraidh na Deich bPrionsabal Deartha do Rialtas na hÉireann a chur i bhfeidhm i soláthar seirbhíse earcaíochta, inár n-iompar eagraíochta, agus i soláthar tionscadal chun a chinntiú go bhfuil ár seirbhísí agus ár dtáirgí

# Príomhdhúshláin, Rioscaí agus Deiseanna inár Réimse Oibríochta

## Comhthéacs Straitéiseach, 2025

**Rannpháirtíocht sa Mhargadh:** Leanfaidh poistphoiblí air ag iarraidh Straitéis Bhranda poistphoiblí, a cuireadh i bhfeidhm le déanaí agus atá fíorthábhachtach maidir le aitheantas poiblí láidir a fhorbairt dár n-eagraíocht, a bhaint amach. Tá sé mar aidhm againn branda soiléir, láidir a chinntiú a chuireann ár gcliaint chun cinn mar earcaitheoir de rogha don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí agus buíonta iarrthóirí ar ardchaighdeán ina bhfuil níos mó éagsúlachta a mhealladh.

**Athchóiriú Digiteach agus Sochtheicniúil:** Chun freagairt ar ráta sciobtha na n-athruithe i réimse na teicneolaíochta, leanfaidh poistphoiblí ar aghaidh lena n-iarrachtaí athchóirithe dhigitigh, ag cur teicneolaíochtaí nua i bhfeidhm a thacaíonn leis an earcaíocht. Tá sé fíorthábhachtach an comhthéacs cibearshlándála agus cosanta sonraí a chur san áireamh. Leanfaidh poistphoiblí air ag cur béim ar chur chuige i leith chur i bhfeidhm na teicneolaíochta ina bhfuil tús áite ag an tslándáil, go háirithe i gcomhthéacs chur i bhfeidhm Acht NIS2 agus Acht IS an AE.

**Cumas Eagraíochta:** Forbrófar daoine, feidhmíocht agus cultúr ár n-eagraíochta go leanúnach. Má dhéanann muid forbairt ar ár scileanna agus ár gcumas a bheith solúbtha, acmhainneach, tiomanta, fiosrach agus sásta glacadh le hathruithe, beidh muid réidh le dul i ngleic le dúshláin a thiocfaidh chun cinn amach anseo.


**Úsáid Níos Fearr a Bhaint a Bhaint As Sonraí agus Méadracht:** Tá sé mar aidhm ag poistphoiblí feidhmíocht eagraíochta a fheabhsú, í á meas i dtéarmaí thaithí an chustaiméara agus na seirbhíse a sholáthraítear, trí anailísíocht sonraí a fhorbairt agus a úsáid d'fhaisnéis ghnó.

**Comhthéacs Geopholaitiúil:** Tá an domhan dothuartha go fóill agus tá roinnt mhaith dúshlán roimh an tsochaí, lena n-áirítear coimhlint idirnáisiúnta, éiginnteacht eacnamaíochta dhomhanda, an imirce, agus cúrsaí aeráide.

# Tionchair agus Athruithe Straitéiseacha

Aithníonn ár Ráiteas Straitéise na príomhthosaíochtaí straitéise seo a leanas, a threoróidh ár ngníomhaíochtaí i dtreo 2026.

***Ár bhFís: Aitheantas a fháil mar ionad bairr feabhais san earcaíocht, as a bhfuil muinín ag na daoine ar a bhfreastalaíonn muid***




**Ár ndaoine, ár gcórais agus ár gcultúr a fhorbairt**
Forbairt a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn muid
Féachaint chuige go seasfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an aimisr

**Barr feabhais san earcaíocht a chur chun cinn**
Ag soláthar dár gcliaint agus dár n-iarrthóirí
A chinntiú go mbíonn taithí an Chliaint agus an Iarrthóra lárnach i ngach rud a dhéanann muid

**Barr Feabhais a chur chun cinn**
Bearta a dhéanamh de thuiscintí Constaicí a bhaint chun barr feabhais san earcaíocht a sholáthar

**Ár bPríomhshlata Tomhais…**

- An slat tomhais um sholáthar seirbhíse earcaíochta
- An slat tomhais um thaithí an chliaint
- An slat tomhais um thaithí an iarrthóra
- An slat tomhais um fheidhmíocht airgeadais
- An slat tomhais um iniúchadh
- An slat tomhais um cháilíocht
- An slat tomhais um Athchóiriú Digiteach
- An slat tomhais um Rialú Faisnéise
- An slat tomhais um Rialú Timpeallachta, Sóisialta agus Corparáideach
- An slat tomhais um dhaoine

**Ár Luachanna…**




**Beidh sé mar aidhm ag Prionsabail Rialtas na hÉireann…**

- *…tús áite a thabhairt do dhaoine*
- *…a bheith ionchuimsitheach*
- *…iontaoibh a chothú*
- *….seirbhísí a dhearadh le chéile*
- *…a chinntiú gur féidir eolas a athúsáid agus a roinnt*
- *…seirbhísí a dhearadh ón mbarr anuas agus ón mbun aníos*
- *…tuairimí agus dearadh a cheistiú le fianaise*
- *….luach a chinntiú, ar gach bealach*
- *…rudaí a shimpliú*
- *…cumas a fhorbairt, a thástáil agus a atriail*

***Ár Misean: daoine éagsúla a earcú don tseirbhís phoiblí a bhfuil an cumas, an dea-cháil agus an díograis acu chun soláthar ar son na hÉireann***

**Ag Soláthar**

**Barr feabhais san Earcaíocht a Sholáthar**

Maidir le príomhghné ár straitéise nua, tá sé mar aidhm againn barr feabhais san earcaíochta a sholáthair, trí chóras earcaíochta nua a chur i bhfeidhm agus trí obair a dhéanamh le comhpháirtithe straitéiseacha chun réitigh earcaíochta fhreagrúla agus shaincheaptha a chur ar fáil dár gcustaiméirí. In 2025, tá sé mar thosaíocht againn seirbhís éifeachtach, phras den scoth a chur ar fáil dár gcliaint agus iarrthóirí cumasacha a earcú chun tacú le seirbhís phoiblí ina bhfuil éagsúlacht le brath. I dtimpeallacht iomaíoch, aithnímid an gá lenár gcóras earcaíochta a neartú agus a fhorbairt chun gur féidir linn freastal ar riachtanais ár gcliaint agus ár n-iarrthóirí, a bhíonn ag síorathrú.

**Inár bPlean Gnó 2025, tá gealltanais maidir leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:**

- I gcomhthéacs an chreata inniúlachta agus an chórais earcaíochta nua, an moladh sa pháipéar fiúntais a chur i bhfeidhm mar scéim phíolótach do chomórtais earcaíochta do na gráid ghinearálta.
- Na hathruithe atá ag teastáil chun tacú le cur chuige straitéise i leith na hearcaíochta a chur i bhfeidhm, triail a bhaint as modhanna nua ar bhonn píolótach agus deiseanna a chuireann Oleeo ar fáil a thapú maidir le hathbhreithniú ar ár gcórais earcaíochta chun soláthar seirbhíse éifeachtach agus pras a chur chun cinn.
- Feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse do chliaint trí fheidhmeanna CRM (Bainistíocht an Chaidrimh le Cliaint) a chaighdeánaí in poistphoiblí, trí Chomhaontuithe Seirbhíse a rolladh amach, trí phleanáil straitéiseach a chur i bhfeidhm le cliaint, agus trí dheais a chur i bhfeidhm i dtaca le sástacht na gcliant.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras do bhaill bhoird chun a chinntiú go bhfuil dóthain baill bhoird ann ar saineolaithe iad agus ag a bhfuil na scileanna speisialtachta atá ag teastáil chun measúnú a dhéanamh ar ár n-iarrthóirí agus chun an úsáid is éifeachtaí a bhaint as ár n-acmhainní.
- Foireann thras-fheidhme a bhunú chun breathnú ar Shocruithe Réasúnta agus moltaí Tilting the Lens do poistphoiblí a chur i bhfeidhm chun athchóiriú a dhéanamh ar thaithí an iarrthóra ó thús deireadh.
- Straitéis chumarsáide nua agus shuimiúil a sholáthar a thagann le straitéis bhranda poistphoiblí, ina ndírítear ar dhea-thaithí don chliant agus don iarrthóir.
- Leanúint ar aghaidh leis an obair atá á déanamh chun na trí phríomhghné de straitéis bhranda poistphoiblí a chur i bhfeidhm agus úsáid a bhaint as feachtais mheallta tallainne chun cabhair a thabhairt i dtaca le stádas a bhaint amach do poistphoiblí mar an earcaitheoir lárnach do ghairmeacha sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí.
- Dul chun cinn a thomhas maidir leis an sprioc i dtaca le tuiscint bhranda a leagtar amach in NUA26 a bhaint amach.
- Leanúint ar aghaidh leis an obair atá ar siúl chun úsáid an pháipeir inár bpróisis a laghdú, de réir an phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2024.

| **Ag forbairt**<br><br>**Ár nDaoine, ár gCórais agus ár gCultúr a Fhorbairt** |
|---|
| Aithníonn muid go bhfuil daoine ag croílár ár ngnó, agus tuigeann muid an luach a bhaineann le cultúr san ionad oibre ina bhfuil barr feabhais, nuálaíocht, iontaoibh, agus ionchuimsiú chun tosaigh. Má dhéanaimid forbairt ar ár gcumas a bheith dírithe ar an gcustaiméir, ar thorthaí agus glacadh le hathruithe, beimid réidh le dul i ngleic le dúshláin an lae inniu agus le dúshláin a thiocfaidh chun cinn amach anseo.<br><br>**Inár bPlean Gnó 2025, tá gealltanais maidir leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:**<br><br>• An leas is fearr a bhaint as struchtúr poistphoiblí agus as an gcaoi a gcuirtear acmhainní ar fáil, solúbthacht agus scileanna na heagraíochta agus ár ndaoine a fhobairt chun soláthar sa timpeallacht oibre reatha agus sa timpeallacht a bheidh ann oibre amach anseo.<br>• Ár réiteach earcaíochta nua, Oleeo, a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go bhfuil na hathruithe agus an tacaíochtaí cuí i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirtear an córas nua agus próisis ghnó nua a chur i bhfeidhm ar bhealach leanúnach agus inbhuanaithe.<br>• Iniúchadh sonraí a dhéanamh ar ár bhfoinsí sonraí struchtúrtha agus neamhstruchtúrtha.<br>• Réiteach sonraí a chruthú agus a chur i bhfeidhm chun iomláine thuairiscithe a chinntiú i dtaca le gach gníomhaíocht earcaíochta.<br>• Straitéis i dtaca le sonraí oscailte a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm agus tús a chur le foilsiú an eolais chuí trínár suíomh gréasáin agus trí fhóraim eile.<br>• Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár gCreat ESG.<br>• Straitéis maidir le bainistíocht faisnéise a fhorbairt agus a sholáthar.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar an suíomh gréasáin publicjobs.ie chun feabhas a chur ar ábhar agus ar thaithí an úsáideora.<br>• Polasaithe, córais, agus struchúir chuntasachta a chur i bhfeidhm a thacaíonn lenár gcultúr eagraíochta. |

**Dul Chun Cinn**

**Barr Feabhais a Chur Chun Cinn**

Chun an tseirbhís phoiblí a ullmhú d'ionad oibre na todhchaí, beidh orainn oibriú lenár gcliaint, lenár bpáirtithe leasmhara, agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Tá muid tiomanta ceannaireacht a léiriú, constaicí a bhaint, agus cur chuige solúbtha a ghlacadh chun iarrthóirí éagsúla agus cumasacha a mhealladh agus a choinneáil.

**Inár bPlean Gnó 2025, tá gealltanais maidir leis na nithe seo a leanas a dhéanamh: -**

- Comhoibriú leis na páirtithe leasmhara ar an bplean náisiúnta maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, agus modhanna nua agus meadaracht nua a bhunú.
- Ár gcumas taighde a lárnu agus cur leis chun fadbhreathnaitheacht a fhorbairt ar mhaithe le poistphoiblí agus ar mhaithe lenár gcliaint agus tuiscint a fháil ar scileanna agus forbairtí a bheidh le feiceáil i réimse na hearcaíochta agus an mheasúnaithe amach anseo agus na scileanna agus na forbairtí seo a thuar.
- Tabharfaidh muid treoir agus tacaíocht ghníomhach maidir le feabhas a chur ar an bpróiseas earcaíochta agus tabharfaidh muid treoir agus tacaíocht do ghréasáin a bhaineann leis an earcaíocht do ghrúpaí mionlaigh, imeallaithe agus atá faoi ghannionadaíocht.
- Tabharfaidh muid tacaíocht ghníomhach agus comhairle ghairmiúil do chliaint faoi cheisteanna a bhaineann leis an earcaíocht chun cleachtais earcaíochta agus torthaí níos fearr a éascú sa tseirbhís phoiblí.
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár gcomhpháirtíocht straitéiseach leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe chun cumas agus próifíl scileanna na seirbhíse poiblí a neartú trínár bpróiseas spriocdhírithe earcaíochta agus roghnaithe, chun a chinntiú go bhfuil an tseirbhís phoiblí ullmhaithe do dhúshláin nua agus a thiocfaidh chun cinn agus go bhfuil an tseirbhís in ann dul i ngleic leis na dúshláin seo.